CINNEADH (AE) 2021/113 ÓN GCOMHAIRLE

an 25 Eanáir 2021

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a chur chun feidhme

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/1545 ón gComhairle ([2]), an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook ("an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha") a chur chun feidhme, arb é dáta a dhul in éag an 13 Deireadh Fómhair 2020, síníodh é an 13 Samhain 2020, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Is é is aidhm don Chomhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha a chur ar a gcumas don Aontas Eorpach agus do Rialtas Oileáin Cook leanúint de bheith ag obair le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe agus saothrú fónta acmhainní iascaigh in uiscí Oileáin Cook a chur chun cinn, agus ligean do shoithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sna huiscí sin.

(3) Ba cheart an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a chur chun feidhme a fhormheas thar ceann an Aontais ([3]).

([1]) Toiliú an 14 Nollaig 2020 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

([2]) Cinneadh (AE) 2020/1545 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a chur chun feidhme idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (IO L 356, 26.10.2020, lch. 7).

([3]) Foilsíodh an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha in IO L 356, 26.10.2020.

Airteagal 2

Déanfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an fógra a thabhairt dá bhforáiltear i bpointe 6 den Chomhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha ([4]).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Eanáir 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([4]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta ar uaidh a chuirfear an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha i bhfeidhm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.